

Vóta 29

Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 i gcomhair thuarastail agus speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin agus chun deontais áirithe a fóc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €42.241 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gcioclán 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú ach amháin sna cásanna seo a leanas.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais shaindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse deich mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, agus déantar an trealamh TF/oifige ar fad eile a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Rinneadh na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas.

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré úsáideach</i>	<i>Ráta amúchta</i>
Ceadúnais bogearraí	Téarma ceadúnais 2-10 bliain	50%-10%
Bogearraí forbartha	10 mbliana	10%

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí.

Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta. Go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- go bhfeidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúcháireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile agus €331.995 milliún san iomlán sa bhliain 2023.

Thug an Roinn mionsonraí faoi shé chonradh neamhiomaíocha is fiche de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás deich gconradh de bhreis ar €25,000 (gan CBL a áireamh) dar luach €981,869 (gan CBL a áireamh) san iomlán, mar atá leagtha amach thíos.

- Tar-rolladh dhá chonradh dar luach iomlán €124,400 (gan CBL a áireamh) ar aghaidh go dtí go mbeadh na sainriachtanais theicniúla suite go hiomlán mar chuid den aistriú chuig Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus chuig áitreabh oifige nua i Ráithe 2 den bhliain 2024.
- Bhain dhá chonradh leis an tar-rolladh conarthaí chun a chinntiú gur cuireadh obair i gcrích toisc go raibh gá le seirbhísí breise a dhéanamh. Bhí luach iomlán €100,219 (gan CBL a áireamh) ag na conarthaí sin agus tá siad imithe in éag.
- Baineann trí chonradh dar luach iomlán €127,750 (gan CBL a áireamh) le daoine a roghnaíodh de bhua na taithí sonraí agus an tsaineolais shonraigh atá acu.
- Le dhá chonradh dar luach iomlán €577,500 (gan CBL a áireamh) leis an gcuideachta chéanna, soláthraíodh seirbhísí a bhí cosúil le hobair eile a rinne an chuideachta sa Roinn chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú. Tá an dá chonradh sin imithe in éag.
- Bhain conradh amháin dar luach €52,000 (gan CBL a áireamh) le comhairle dlí a raibh saineolas sonrach/uathúil ag teastáil ina leith. Tá an conradh sin imithe in éag.

Cuireadh na conarthaí thuas ar áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Tá nósanna imeachta bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn chun sainaithint, bainistíocht agus tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí d'oibríochtaí na Roinne. Leagtar amach sa bheartas bainistíochta riosca, lena n-áirítear ráiteas faoi fhonn riosca, na príomhghnéithe de chreat foriomlán bainistíochta riosca na Roinne, ina gcuimsítear ról agus freagrachtaí, uirlisí bainistíochta riosca, struchtúir agus próisis.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Sa bhliain 2023, ba tríd an gcreat soláthair straitéisigh a rinneadh faireachán agus athbhreithniú ar bhainistíocht riosca na Roinne. Bhí sásra láidir i bhfeidhm chun a chinntiú go mbíonn ár gcuid tosaíochtaí, acmhainní agus daoine ailínithe go cuí agus go mbíonn siad faoi réir athbhreithniú tráthrialta ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta agus ar leibhéal na nAíre chun a chinntiú go mbíonn siad ailínithe amhlaidh. Déantar príomhghníomhartha straitéiseacha chun tacú le tosaíochtaí na Roinne a sheachadadh a shainaithint gach bliain tríd an gcreat sin, agus pleananna seachadta príomhghníomhartha straitéiseacha i bhfeidhm agus séala curtha leo ag leibhéal an Rúnaí Chúnta. De bhreis ar bhunspricanna inghnóthaithe a leagan amach, sonraítear sna pleananna seachadta sin rioscaí don seachadadh, mar aon le maoluithe agus saincheisteanna. Breithnítear na rioscaí do sheachadadh na bpríomhghníomhartha straitéiseacha, saincheisteanna atá ag teacht chun cinn, maoluithe agus tacaíochtaí go gníomhach mar chuid den tuairisciú don Bhord Bainistíochta agus don Aire ar na príomhghníomhartha straitéiseacha.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Rinneadh iniúchadh inmheánach ar an mbeartas bainistíochta riosca sa bhliain 2023. Rinneadh roinnt moltaí san iniúchadh sin agus tá na moltaí sin á gcur chun feidhme ag an Roinn.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Comhlíonadh cánach

An 3 Márta 2020, thug Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) fógra faoi chuairt láithreáin chun tuiscint a ghnóthú ar na próisis agus na córais atá i bhfeidhm ag an Roinn maidir le comhlíonadh cánach a chinntiú, maidir le sochar comhchineáil ar fheithiclí oifigiúla agus maidir le haon taifid eile de réir mar ba ghá.

Le linn na bliana 2020, d'fhostaigh an Roinn iniúcháirí seachtracha chun dhá iniúchadh a dhéanamh, a bhain leo seo: 1) conraitheoirí a úsáid laistigh den Roinn; agus 2) cleachtais bhainistíochta flít inar sainaithníodh saincheisteanna féideartha maidir le comhlíonadh cánach. Tugadh faisnéis do na Coimisinéirí Ioncaim faoi fhionnachtana an dá iniúchadh agus cuireadh in iúl dóibh go ndéanfaí an Roinn athbhreithniú cuimsitheach inmheánach cánach.

Thug an Roinn an t-eolas is deireanaí do na Coimisinéirí loncaim ar fud an phróisis, ar ag an deireadh a cuireadh na fionnachtana i láthair i mí Iúil 2022. Ag teacht sna sála air sin, rinne an Roinn nochtadh cáilitheach neamhordaithe arbh ionann é agus €44,466 san iomlán.

Cuireadh in iúl sa chomhfhreagras is déanaí ó na Coimisinéirí loncaim i mí na Nollag 2022 go bhfuil na Coimisinéirí loncaim ag breithniú fhionnachtana ár n-athbhreithnithe inmheánaigh cánach, mar a cuireadh i láthair iad i mí Iúil 2022, agus cuireadh ar áireamh sa chomhfhreagras sin iarraidh le haghaidh tuilleadh faisnéise.

An 20 Deireadh Fómhair 2023, foilsíodh an bhreith ón gCúirt Uachtarach sa chás seo: Na Coimisinéirí loncaim v Karshan (Midlands) Limited ag trádáil mar Domino's Pizza [2023] IESC 24.

Thug an Roinn tuilleadh faisnéise do na Coimisinéirí loncaim an 23 Samhain 2023. Leanann an Roinn d'idirchaidreamh a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim i ndáil leis an ní sin.

Idirbhearta neamhchomhlíontacha

Shainaithin an Roinn trí íocaíocht neamhchomhlíontacha sa bhliain 2023 mar a leanas.

- Neamhchomhlíonadh chiorclán 13/2014: *Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontais ó Chistí Státchiste*, rud ba chúis le ró-íocaíocht €833,000.
- Neamhchomhlíonadh an cheada tharmligthe do chaiteachas reatha i leith suim €234,000.
- Neamhchomhlíonadh na nósanna imeachta airgeadais phoiblí i leith suim €26,221,000 a bhain le huainiú íocaíochtaí.

Lorgaíodh aisíocaíocht i gcás gurbh infheidhme. Athbhreithníodh na nósanna imeachta a bhaineann leis na híocaíochtaí sin agus leasaíodh na rialuithe iomchuí chun an baol go dtarlódh siad choíche a íoslaghdú.

Oonagh Buckley

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

19 Meán Fómhair 2024

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29– Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 29 – Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh cásanna ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha soláthair i leith roinnt conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2023.

Neamhchomhlíontach idirbhearta

Nochtar an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go bhfuil trí chás de neamhchomhlíonadh íocaíochtaí ábhartha leis an bpobal ábhartha aithníodh nósanna imeachta airgeadais in 2023.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Mean Fomhair 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainithníim agus measúnaím rioscaí an mhírátis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainithníim le linn m'iniúchta.

Tuairiscim de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhír sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainithníim aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

Cuntas Leithreasa 2023

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Gníomhú ar son na haeráide agus ceannaireacht comhshaoil			
	<i>Bunaidh</i>	128,588		
	<i>Forlíontach</i>	(3,700)		
			124,888	115,894
				96,790
B	Claochlú fuinnimh			
	<i>Bunaidh</i>	529,223		
	<i>Forlíontach</i>	897,306		
			1,426,529	1,406,927
				1,974,979
C	Forbairt an gheilleagair chiorclaigh			
	<i>Bunaidh</i>	114,513		
	<i>Forlíontach</i>	(13,300)		
			101,213	87,311
				90,642
D	Nascacht agus soláthar cumarsáide			
	<i>Bunaidh</i>	293,736		
	<i>Forlíontach</i>	58,300		
			352,036	357,640
				203,213
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	1,066,060		
	<i>Forlíontach</i>	938,606		
			2,004,666	1,967,772
				2,365,624
<i>Lúide</i>				
E	Leithreasáí-i-gcabhair		10,615	17,762
				7,398
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	1,055,445		
	<i>Forlíontach</i>	938,606		
			1,994,051	1,950,010
				2,358,226

Farasbarr

Dlítear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dár gcionn. Tugadh €1.8 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith na ngnéithe caipitil d'fho-mhírcheann A.9 anonn chuig an mbliain 2024.

	2023	2022
	€	€
Farasbarr	44,041,462	301,082,040
Géilleadh iarchurtha	(1,800,000)	—
Farasbarr le géilleadh	42,241,462	301,082,040

Oonagh Buckley

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

27 Meárta 2024

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

	2023	2022
	€000	€000
Costas an chláir	1,910,644	2,322,015
Pá	43,615	34,052
Neamhphá	13,513	9,557
Ollchaiteachas	1,967,772	2,365,624
<i>Lúide</i>		
Leithreasáí-i-gcabhair	17,762	7,398
Glanchaiteachas	1,950,010	2,358,226
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Réadmhaoin, gléasra agus trealamh</i>		
<i>(nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(3,251)	
Dímheas	532	
Diúscairtí - airgead tirim	13	
Brabús ar dhiúscairtí	(11)	
Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)		
Amúchadh	3	
	(2,714)	200
Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil		
Laghdú ar fhardail	10	
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	163,843	
Laghdú in ioncam fabhráithe	8,349	
Méadú i speansais fhabhráithe	5,028	
	177,230	(790,642)
Caiteachas díreach	2,124,526	1,567,784
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	18,140	16,113
Measchíosanna	1,584	1,584
Glanhostas an chláir	2,144,250	1,585,481

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 29 a tabhaíodh in áit eile.

		2023	2022
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	60	62
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	14,251	12,533
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,309	3,307
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	63	52
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	262	69
Vóta 20	An Garda Síochána	114	9
Lárchiste – pinsin airí		81	81
		18,140	16,113

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	2.1	3,925	1,570
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	—	3
lomlán na sócmhainní seasta		3,925	1,573
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	93,053	137,899
Fardail	2.4	151	161
Réamhíocaíocht creidmheasa leictreachais	2.5	610,988	793,003
Réamhíocaíochtaí eile	2.6	21,456	3,284
Ioncam fabhraithe	2.7	5,752	14,101
Iarmhéideanna dochair eile	2.8	214	1,121
lomlán na sócmhainní reatha		731,614	949,569
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.9	23,459	18,431
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.10	91,198	135,308
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.11	2,069	3,712
lomlán na ndlíteanas reatha		116,726	157,451
Glansócmhainní reatha		614,888	792,118
Glansócmhainní		618,813	793,691
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.12	618,813	793,691

2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh ^{a, b}

	Troscán Oifige	Trealamh oifige agus TF	Trealamh speisialta agus mótarfheith hiclí	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil					
Ag an 1 Eanáir 2023	1,378	7,078	8,872	—	17,328
Breiseanna	—	359	195	2,697	3,251
Diúscairtí	(132)	(30)	(101)	—	(263)
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^c	(9)	(2,000)	(978)	—	(2,987)
Coigeartú: tairseach tuairiscithe sócmhainní ^d	(1,237)	(3,249)	(425)	—	(4,911)
Ag an 31 Nollaig 2023	—	2,158	7,563	2,697	12,418
Dímheas carntha					
Ag an 1 Eanáir 2023	1,277	6,404	8,077	—	15,758
Dímheas don bhliain	—	162	370	—	532
Dímheas ar dhiúscairtí	(130)	(30)	(101)	—	(261)
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^c	(15)	(1,994)	(978)	—	(2,987)
Coigeartú: tairseach tuairiscithe sócmhainní ^d	(1,132)	(3,019)	(398)	—	(4,549)
Ag an 31 Nollaig 2023	—	1,523	6,970	—	8,493
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2023	—	635	593	2,697	3,925
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022	101	674	795	—	1,570

- Nóta ^a Is leagtha amach in Aguisín A atá na tailte agus na foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil aon luachálacha ag baint leo.
- ^b Le héifeacht an 1 Eanáir 2023, aistríodh sócmhainní bogearraí faighte agus bogearraí forbartha chuig sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2).
- ^c Rinneadh cleachtadh fíoraithe sócmhainní sa bhliain 2023 agus ba gha coigeartú a dhéanamh chun sócmhainní a bhí as feidhm agus sócmhainní nach raibh ann a thuilleadh a bhaint den chuntas.
- ^d Ar aon dul le ciorclán 21/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, méadaíodh an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil a chur ar áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil go €10,000 le haghaidh sócmhainn aonair. Ghlac an Roinn an beartas sin sa bhliain 2023 agus bainean an coigeartú seo le luachanna sócmhainní aonair de bhun €10,000 a bhaint den chuntas.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe ^a

	Bogearraí faighte agus bogearraí forbartha €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní		
Ag an 1 Eanáir 2023	15,539	15,539
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^b	(7,237)	(7,237)
Coigeartú: tairseach tuairiscithe sócmhainní ^c	(215)	(215)
Ag an 31 Nollaig 2023	8,087	8,087
Amúchadh carntha		
Ag an 1 Eanáir 2023	15,536	15,536
Amúchadh	3	3
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^b	(7,237)	(7,237)
Coigeartú: tairseach tuairiscithe sócmhainní ^c	(215)	(215)
Ag an 31 Nollaig 2023	8,087	8,087
Glansócmhainní		
Ag an 31 Nollaig 2023	—	—
Ag an 31 Nollaig 2022	3	3

Nóta ^a Le héifeacht an 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní bogearraí faighte agus bogearraí forbartha a aistriú ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh.

^b Rinneadh cleachtadh fíoraithe sócmhainní sa bhliain 2023 agus ba ghá coigeartú a dhéanamh chun sócmhainní a bhí as feidhm agus sócmhainní nach raibh ann a thuilleadh a bhaint den chuntas.

^c Ar aon dul le ciorclán 21/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, méadaíodh an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil a chur ar áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil go €10,000 le haghaidh sócmhainn aonair. Ghlac an Roinn an beartas sin sa bhliain 2023 agus baineann an coigeartú seo le luachanna sócmhainní aonair de bhun €10,000 a bhaint den chuntas.

2.3 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
larmhéid agus airgead tirim ag an bPámháistir Ginearálta	31,081	7,571
larmhéid an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh	55,935	124,263
Ciste an Chláir Bonneagair Peitríliam	6,037	6,065
	93,053	137,899

2.4 Fardail

ag an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Trealamh	19	28
Foilseacháin	132	133
	151	161

2.5 Réamhíocaíocht creidmheasa leictreachais

Mar gheall ar an ardú i bpraghsanna fuinnimh idirnáisiúnta agus ar an éifeacht iarmhartach do chustaiméirí baile, cheadaigh an Rialtas dhá Scéim Sochar Éigeandála Costais Leictreachais sa bhliain 2022.

Mar fhreagairt d'ardphraghsanna leantacha, thug an Rialtas an tríú scéim isteach ina gcuirfí trí íocaíocht ab fhiú €137.61 an ceann (gan CBL a áireamh) do shochar do bhreis agus 2.2 milliún cuntas leictreachais baile idir mí na Nollag 2023 agus mí Aibreáin 2024.

Sa bhliain 2023, d'foc an Roinn €926.140 milliún faoin tríú scéim lena dháileadh ar chustaiméirí idir mí na Nollag 2023 agus mí Aibreáin 2024. Dáileadh €610.988 milliún (2022: €793.003 milliún) den tsuim sin ar chuntais leictreachais baile aonair sa bhliain 2024.

2.6 Réamhíocaíochtaí eile

ag an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Riarachán	1,670	583
Forbairt an gheilleagair chiorclaigh	4,045	1,517
Gníomhú ar son na haeráide agus ceannaireacht comhshaoil	—	41
Nascacht agus soláthar cumarsáide	2,631	946
Claochlú fuinnimh	13,110	197
	21,456	3,284

2.7 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Sonraisc dleachta mianadóireachta	3,755	11,900
Sonraisc féichiúnaithe eile	1,997	2,201
	5,752	14,101

2.8 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Tuarastail ball foirne ar iasacht	123	83
An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2)	—	647
An Ciste Comhshaoil	—	115
Fionraí eile	91	276
	214	1,121

2.9 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Riarachán	694	790
Forbairt an gheilleagair chiorclaigh	733	1,689
Gníomhú ar son na haeráide agus ceannaireacht comhshaoil	840	313
Nascacht agus soláthar cumarsáide	20,956	15,223
Claochlú fuinnimh	236	416
	23,459	18,431

2.10 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Suimeanna atá dlíte don Stát		
Cáin shiarchoinneálach	1,024	954
Cáin bhreisluacha	922	690
Fáltais ón státchiste (nóta 4.3)	20,727	—
ÍMAT/ÁSPC	1,186	903
	<u>23,859</u>	<u>2,547</u>
Fionraí		
An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2)	55,935	124,263
Ciste an Chláir Bonneagair Peitриллiам (nóta 7.1)	6,037	6,065
An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2)	—	242
An Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin agus Forbartha um Chibearshlándáil	3,019	—
Seirbhís freagartha do ghlaonna éigeandála	1,543	1,392
Eile	805	799
	<u>67,339</u>	<u>132,761</u>
	<u>91,198</u>	<u>135,308</u>

2.11 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	42,241	301,082
Géilleadh iarchurtha	1,800	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(41,972)	(297,370)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	<u>2,069</u>	<u>3,712</u>
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	93,053	137,899
Iarmhéideanna dochair: fionraí	214	1,121
	<u>93,267</u>	<u>139,020</u>
Creidiúnaithe		
Dlíte don Stát	(23,859)	(2,547)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(67,339)	(132,761)
	<u>(91,198)</u>	<u>(135,308)</u>
	<u>2,069</u>	<u>3,712</u>

2.12 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		793,691	3,035
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,994,051	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(1,800)	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(42,241)	
Glanvóta		1,950,010	2,358,226
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	18,140	16,113
Míreanna nach airgead tirim iad – glanchoigearuithe i ndáil le réadmhaoin, gléasra agus trealamh	2.1	(362)	214
Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos	1	1,584	1,584
Glanchostas an chláir	1	(2,144,250)	(1,585,481)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		618,813	793,691

2.13 Ceangaltais

Ag an 31 Nollaig	2023	2022
a) Ceangaltais dhomhanda	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	16,766	17,479
Cláir deontas caipitil ^a	395,224	313,573
Tionscadail agus cláir chaipitil	2,214,275	2,400,673
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	2,626,265	2,731,725
b) Cláir deontas caipitil	2023	2022
Ag an 31 Nollaig	€000	€000
Iarmhéid tosaigh	313,573	152,748
Deontais a íocadh sa bhliain	(183,283)	(40,503)
Ceangaltais maidir le deontais nua	316,950	241,581
Deontais a cealaíodh	(52,016)	(40,253)
Iarmhéid deiridh	395,224	313,573

c) Mórthionscadail chaipitil ina bhfuil luach an tionscadail níos airde ná €10 milliún

Clár/tionscadal	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2022	Caiteachas sa bhliain 2023	Ceangaltas maidir le tionscadail i mblianta ina dhiaidh	Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2023	Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2022
	€000	€000	€000	€000	€000
Postchóid náisiúnta	31,478	2,150	7,401	41,029	35,485
An Plean Náisiúnta Leathanbhanda	343,182	280,716	2,074,402	2,698,300	2,698,300
INFOMAR ^a	62,645	4,982	10,066	77,693	69,046
Tellus ^b	27,520	3,768	9,137	40,425	32,087
Scéim	—	9,702	20,000	29,702	—
Maoiniúcháin an Líonra Postoifigí					
	464,825	301,318	2,121,006	2,887,149	2,834,918

Nótaí ^a Clár náisiúnta suirbhéireachta is ea INFOMAR lena ndéantar mapáil ar ghrinneall farraige na hÉireann agus lena dtugtar sonraí bonnlíne faoi eanáil mhuirí na hÉireann.

^b Clár náisiúnta suirbhéireachta is ea Tellus lena mbailítear sonraí geofisiceacha agus geoiceimiceacha ar fud na hÉireann trí shuirbhéireacht gheofisiceach ón aer agus úsáid á baint as aerárthaí atá ag eitilt go híseal agus trí shuirbhéireacht gheoiceimiceach thalamhbhunaithe ar ithir, ar uisce srutháin agus ar dhríodar srutháin.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos i dtaca le haon mhórchangaltas ina bhfuil athrú is mó ná €500,000 tagtha ar an gcaiteachas ionchais iomlán i gcomparáid leis an mbliain 2022.

Postchóid náisiúnta

Méadú ar chaiteachas ionchais iomlán: €5.544 milliún

Tá an méadú ina léiriú ar fhadú chonradh an tSealbhóra Ceadúnais Bainistíochta Postchód go ceann trí bliana go dtí mí na Nollag 2026, mar a cheadaigh an Chomh-Aireacht. Leis an méadú sa chaiteachas ionchais iomlán, cumhdaítear tréimhse ama trí bliana déag anois, i gcodarsnacht leis an meastachán deich mbliana bunaidh, thar shaolré an tionscadail.

INFOMAR

Méadú ar chaiteachas ionchais iomlán: €8.647 milliún

Baineann caiteachas ar an tionscadal INFOMAR le roinnt conarthaí gearrthearma dá léiríonn caiteachas agus ceangaltas pointe ama agus atá faoi réir athraithe ó bhliain go bliain. Léirítear sa mhéadú sa chaiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail na conarthaí nua a ndeachthas isteach iontu sa bhliain 2023, go háirithe le haghaidh seirbhísí fála sonraí agus seirbhísí próiseála sonraí, chun leanúint den tionscadal INFOMAR, rud atá ar an mbóthar ceart fós lena chríochnú sa bhliain 2026.

Tellus

Méadú ar chaiteachas ionchais iomlán: €8.338 milliún

Baineann caiteachas ar an tionscadal Tellus le roinnt conarthaí gearrthéarma dá léiríonn caiteachas agus ceangaltais pointe ama agus atá faoi réir athraithe ó bhliain go bliain. Léirítear sa mhéadú sa chaiteachas ionchais iomlán thar shaolré an tionscadail faduithe conartha chun leanúint de gheoifisic aeriompartha agus de shamplaí ithreach a fháil. Tá an Roinn ag súil go gcríochnófar dhá phríomhchéim den chlár sa bhliain 2026, trí thacair sonraí aeriompartha agus ithreach a sholáthar.

2.14 Feabhsúchán talún

Tabhaíonn an Roinn costais i dtaca le mianaigh stairiúla, go háirithe in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann, arb iad na láithreáin is airde riosca iad. Baineann caiteachas le cothabháil agus le hathshlánú de réir mar a theastaíonn siad ag gach láithreán agus le monatóireacht comhshaoil ag Abhóca agus ag Béal Átha Gabhann, rud a thuairiscítear faoi Fho-mhírcheann C.3.

	Caiteachas go deireadh 2022 €000	Caiteachas sa bhliain 2023 €000	Ceangaltas conartha €000	Iomlán €000
Abhóca	4,860	372	—	5,232
Béal Átha Gabhann	11,190	—	—	11,190
Monatóireacht comhshaoil	1,832	81	472	2,385
Oibreacha éigeandála eile	13	32	—	45
	17,895	485	472	18,852

2.15 Cibearshlándáil

Tá an Roinn freagrach as beartas cibearshlándála in Éirinn agus as freagairt slándála an Rialtais d’aon teagmhais cibearshlándála ar leibhéal náisiúnta a chomhordú. Comhlíonann an Rialtas na freagrachtaí sin tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Déantar caiteachas a bhaineann leis an gcibearshlándáil a thuairisciú faoin gclár nascachta agus soláthar cumarsáide atá léirithe thíos, agus costais riaracháin a bheith á n-íoc ó fho-mhírchinn D.1 agus D.2 agus ó mhaoiniú oibríochtúil a soláthraíodh trí fho-mhírchéann D.6.

	2023	2022
	€000	€000
Riarachán - pá	5,024	2,851
Riarachán – neamhphá	257	80
Oibríochtaí	8,284	3,424
	13,565	6,355

2.16 Dlíteanais theagmhasacha

D’fhéadfadh dlíteanais airgeadais teacht chun cinn sa bhliain 2024 agus sna blianta ina diaidh, ag brath ar thorthaí caingne dlí, bíodh siad ar siúl, ar feitheamh nó féideartha, lena n-áirítear caingne dlí de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní féidir na suimeanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

An 14 Márta 2024, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an bhreith uaithi i ndáil leis na himeachtaí sáraithe a thionscain an Coimisiún Eorpach in aghaidh na hÉireann as an Treoir maidir leis an gCód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach a thrasú go mall. D’fhorchuir an Chúirt smachtbhanna airgeadais €4.5 milliún ar Éirinn, rud atá le híoc ag maoiniú Státchiste.

D’fhéadfadh dlíteanais airgeadais a bheith ann freisin dá dteipfeadh ar Éirinn a laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa agus a spriocanna fuinnimh a chomhlíonadh, ar nithe iad atá sainordaithe ag an Aontas Eorpach. I bhfianaise na n-éiginnteachtaí éagsúla atá ann, ní féidir an dlíteanas féideartha don Státchiste a chainníochtú go beacht ag an am seo.

2.17 Caiteachas ar chláir iarfheistithe agus ar chláir éifeachtúlachta fuinnimh de réir na scéime, 2023

	Meastachán 2023	Toradh 2023
B.4 Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail	€000	€000
Tithe Fuinnimh Níos Fearr	49,600	55,947
Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo	147,119	148,188
Pobail Fuinnimh Níos Fearr	65,300	27,188
Iarfheistiú	1,150	891
Giniúint éilimh – iarfheistiú náisiúnta	1,050	992
Iarfheistiú domhain	65	241
An Scéim Grianphainéal Fótvoltach	30,080	54,201
An Scéim Grianphainéal Fótvoltach – teaghlaigh atá leochaileach ó thaobh na liachta de	6,770	—
Tacaíochtaí RFF	1,800	1,800
Ciste Gníomhachtais Pobail	5,380	2,103
Ionaid ilfhreastail a fhorbairt	45,850	27,662
Scéim Tacaíochta Leictreachais In- athnuaite – Pobail	1,101	1,144
	355,265	320,357
B.5 Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile		
Éifeachtúlacht Fuinnimh Gnó	3,100	3,225
Fuinneamh In-athnuaite Gnó	3,940	1,426
Faireachas ar an margadh	1,575	1,365
Éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí	61,900	71,944
Idirchaidreamh leis an lucht tionscail (EXCEED)	7,500	2,382
Scoileanna	400	210
Seó Fuinnimh	150	150
Micrighiniúint neamhbhaile	200	—
Micrighiniúint neamhbhaile – tráchtála	2,000	12,419
Tacaíocht iarfheistithe neamhbhaile	2,000	265
	82,765	93,386

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar na cláir uile chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

		2023	2022
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	47,000	34,052
ii	Taisteal agus cothú	822	721
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	2,000	2,909
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	500	419
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	7,092	2,415
vi	Costais áitribh oifige	1,578	845
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	3,401	2,107
viii	Trealamh, stórtha agus cothabháil	196	141
		62,589	43,609

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €822,000; toradh €1.379 milliún

Baineann an caiteachas breise €557,000 go príomha leis an leibhéal méadaithe taistil a bhaineann leis an Aontas Eorpach agus leis an ardú leanúnach i gcostas an taistil go ginearálta.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €7.092 milliún; toradh €4.997 milliún

Baineann an gannchaitheamh €2.095 milliún leo seo a leanas go príomha:

- Uasghráduithe beartaithe bogearraí caipitil a bheith á n-iarchur ón mbliain 2023 go dtí an bhliain 2024 go dtí go bhfostófaí acmhainní oilte.
- Athsholáthar agus uasghráduithe bonneagair agus freastalaithe a bheith á n-iarchur ón mbliain 2023 go dtí an bhliain 2024 toisc gur soláthraíodh tacaíochtaí ar feadh bliain bhreise.

- An mhoill ar threalamh TF a cheannach le haghaidh an athlonnaithe ó Bhóthar Adelaide go Tor an Bhacaigh mar gheall ar mhoilleanna ar sheilbh an fhoirgnimh a aistriú chuig an Roinn.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €1.578 milliún; toradh €1.055 milliún

Baineann an gannchaitheamh €523,000 le costais a bhí níos lú ná mar a bhíodas ag súil leis maidir leis an athlonnú chuig an bhfoirgneamh nua i dTor an Bhacaigh mar gheall ar mhoilleanna ar sheilbh an fhoirgnimh a aistriú chuig an Roinn.

Clár A Gníomhú ar son na hAeráide agus Ceannaireacht Comhshaoil

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	8,225	7,633	7,079
A.2	Riarachán – neamhphá	2,696	2,352	1,957
A.3	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	43,761	44,430	41,600
A.4	Taighde comhshaoil agus aeráide			
	<i>Bunaidh</i>	17,250		
	<i>Forlíontach</i>	(600)		
		16,650	16,173	13,536
A.5	An Ciste Carbóin	2,905	2,905	
A.6	Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta	26,500	26,408	16,045
A.7	Tionscnaimh aeráide	10,931	9,132	9,776
A.8	An Ciste um Aistriú Cóir (Éire agus an tAontas Eorpach)			
	<i>Bunaidh</i>	12,420		
	<i>Forlíontach</i>	(3,100)		
		9,320	5,118	3,397
A.9	An Ciste um Oileán Comhroinnte	1,800	—	—
A.10	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta	2,100	1,743	3,400
		124,888	115,894	96,790

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad (+/- 5% agus €100,000).

A.4 Taighde comhshaoil agus aeráide

Soláthar meastacháin €17.25 milliún; toradh €16.173 milliún

Baineann an gannchaitheamh €1.077 milliún go príomha le gannchaitheamh sa tionscadal úsáide talún. Beidh an chuid is mó den chaiteachas le haghaidh an tionscadail sin dlite sa dara céim den athbhreithniú ar úsáid talún, rud a moillíodh go dtí ráithe a ceathair den bhliain 2023 agus a rachaidh ar aghaidh isteach sa bhliain 2024.

A.7 Tionscnaimh aeráide

Soláthar meastacháin €10.931 milliún; toradh €9.132 milliún

Baineann an gannchaitheamh €1.799 milliún go príomha le caiteachas ar Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar an tionscadal oiliúna údarás áitiúil a bheith níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis. Tháinig an gannchaitheamh sin chun cinn mar gheall ar fholúntais foirne sna hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus i gcoigilteas costais sa tionscadal oiliúna údarás áitiúil de bharr an méid oiliúna ar líne a cuireadh ar fáil a bheith níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leis.

A.8 An Ciste um Aistriú Cóir (Éire agus an tAontas Eorpach)

Soláthar meastacháin €12.42 milliún; toradh €5.118 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €7.302 milliún as na deacrachtaí a bhí ag roinnt de na tionscadail mhóra de chuid an Chiste um Aistriú Cóir go fóill agus iad ag iarraidh a dtionscadail a chur chun feidhme, rud ba chúis le moilleanna ar fóstarraingtí. Ar na tosca sin tá costais bhoilscitheacha nach rabhthas ag súil leo, go háirithe i ndáil leis an tógáil agus leis an soláthar. Mar thoradh air sin, comhaontaíodh faduithe le spriocdhátaí críochnaithe tionscadail i roinnt cásanna, rud ba chúis le híocaíochtaí don bhliain 2023 a bhí níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis ar dtús.

Tabhaíodh tuilleadh gannchaithimh i gCiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir mar gheall ar mhoilleanna ar cheanglais oibríochtaithe clár sa bhliain 2023, lena áiríodh dearadh agus seoladh na Scéime Tacaíochta Straitéisí Fiontar Áitiúil agus Réigiúnach, rud ba chúis le caiteachas clár níos ísle toisc nach ndearnadh aon íocaíochtaí le deontaithe sa bhliain 2023.

A.9 An Ciste um Oileán Comhroinnte

Soláthar meastacháin €1.8 milliún; toradh €nialas

Bhí moilleanna ann ar chur i bhfeidhm an Chláir um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide, rud a d'fhág nach raibh caiteachas ar bith ar an gclár sa bhliain 2023. Tháinig sé sin chun cinn mar gheall ar mhoilleanna ar Oifigí um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide a fhóstu in údarais áitiúla, ar daoine iad a bhí ag teastáil chun an clár a sholáthar, agus mar gheall ar mhoill ar na comhaontuithe teimpléadacha deontais a chomhaontú leis na húdarais áitiúla.

A.10 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €2.1 milliún; toradh €1.743 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €357,000 chun cinn toisc go raibh caiteachas ar chlár comhshaoil na Náisiún Aontaithe níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis.

Clár B Claochlú Fuinnimh

		2023		2022	
		Soláthar meastacháin		Toradh	
		€000	€000	€000	
B.1	Riarachán – pá		14,688	13,630	8,483
B.2	Riarachán – neamhphá		4,808	4,200	2,345
B.3	Údarás Fuinnimh		27,971	25,171	19,509
	Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta				
B.4	Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail				
	Bunaidh	355,265			
	Forlíontach	(27,700)	327,565	320,357	151,329
B.5	Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile				
	Bunaidh	82,765			
	Forlíontach	12,000	94,765	93,386	43,676
B.6	Cláir fuinnimh eile (náisiúnta/idirnáisiúnta)				
	Bunaidh	7,506			
	Forlíontach	(700)	6,806	3,846	625
B.7	Cláir um thaighde ar fhuinneamh				
	Bunaidh	30,350			
	Forlíontach	(10,600)	19,750	18,010	9,450
B.8	Seirbhísí gáis		45	45	42
B.10	Íocaíocht faoin scéim pinsean aonair le CRU		6	—	—
B.11	Creidmheas leictreachais				
	Bunaidh	—			
	Forlíontach	926,606	926,606	926,140	1,588,208
B.12	Síntiús le heagraíochtaí idirnáisiúnta		350	318	312
B.13	Toilleadh giniúna éigeandála		—	—	151,000
B.14	Téamh ceantair a rialáil		689	234	—
B.15	An Scéim Ráthaíochta lasachta iarfheistithe Chónaithe				
	Bunaidh	4,780			
	Forlíontach	(2,300)	2,480	1,590	—
			1,426,529	1,406,927	1,974,979

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad (+/- 5% agus €100,000).

B.3 Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta

Soláthar meastacháin €27.971 milliún; toradh €25.171 milliún

Áiríodh le leithdháileadh na bliana 2023 an costas lánbhliana chun méadú i líon foirne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann go 235 choibhéis lánaimseartha a mhaoiniú. Thángthas ar mhoilleanna ar na baill foirne nua a ionductú, áfach, rud ba chúis le gannchaitheamh €2.8 milliún.

B.4 Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail

Soláthar meastacháin €355.265 milliún; toradh €320.357 milliún

Léirítear i meastacháin na bliana 2023 na réamhaisnéisí is fearr atá ar fáil chun eolas a dhéanamh do riachtanais mhaoiniúcháin ag leibhéal na scéime aonair. Ós rud é go bhfuil na cláir sin faoi stiúir ag an éileamh agus nach ionann a gcastacht, is gá buiséid fhoriomlána a bhainistiú go cúramach idir scéimeanna. Maidir le gannchaitheamh i roinnt scéimeanna, mar atá leagtha amach thíos, ath-leithdháileadh iad go bunúsach ar an Scéim Grianphainéal Fótvoltach, rud ar tháinig méadú os cionn €24 mhilliún ar a chaiteachas. Léirítear sa mhéadú sin i gcaiteachas an fás marthanach sa líon iarratas mar gheall ar an bhfeasacht mhéadaitheach i measc custaiméirí ar na tairbhí a ghabhann le grianphainéil fhótavoltacha, i dteannta ardchostais fuinnimh. Rud eile a rinne difear dearfach don scéim ba ea deireadh a chur le srianta ó thaobh cead pleanála de agus deireadh a chur le CBL a ghearradh ar chórais grianphainéal fótvoltach baile a sholáthar agus a fheistiú. Baineann an gannchaitheamh €34.908 milliún i scéimeanna eile leo seo a leanas go príomha: (i) Roinnt tionscadail mhóra chasta a cuireadh isteach sa bhliain 2023 faoin Scéim Deontas um Pobail Fuinnimh Níos Fearr, a raibh tréimhse ama níos faide ag teastáil ina leith chun iad a sholáthar, agus conarthaí tugtha anonn go dtí an bhliain 2024. (ii) Scéim Grianphainéal Fótvoltach do Theaghlaigh atá Leochaileach ó Thaobh na Liachta de, rud a seoladh ag deireadh na bliana 2023 agus nach ndearnadh aon íocaíochtaí ina leith sa bhliain 2023. Tosóidh níos mó soláthraithe cur i bhfeidhm sa bhliain 2024 agus tosófar íocaíochtaí dá réir. (iii) Bhí roinnt lonaid Ilfhreastail ag tógáil acmhainne fós chun seachadadh a dhéanamh ar an líon uasghráduithe a rabhthas ag súil leo faoin scéim a tosaíodh i mí Feabhra 2022. Féach nóta 2.17 le haghaidh miondealú a fháil ar chláir iarfheistithe chónaithe/pobail de réir na scéime aonair.

B.5 Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile

Soláthar meastacháin €82.765 milliún; toradh €93.386 milliún

Tabhaíodh an caiteachas méadaithe €10.621 milliún toisc gur soláthraíodh meastachán forlíontach €12 mhiliún sa bhliain 2023 chun tacú leis an méadú sa líon iarratas ar an scéim micrighiniúna neamhbhaile. Bhíodhas in ann an fás a chur síos don scéim a bheith á breisiú ar bhonn treoirscéime chun tacaíochtaí a thabhairt d'iarratasóirí suas le meigeavata amháin. Féach nóta 2.17 le haghaidh miondealú a fháil ar chláir éifeachtúlachta fuinnimh eile de réir na scéime aonair.

B.6 Cláir fuinnimh eile

Soláthar meastacháin €7.506 milliún; toradh €3.846 milliún

Baineann an gannchaitheamh €3.66 milliún go príomha le gannchaitheamh i gcomhairleoireacht fuinnimh gaoithe amach ón gcósta. Ríomhadh buiséad na bliana 2023 ar bhonn an chaiteachais thar thréimhse iomlán 12 mhí. Mar sin féin, níor síníodh na chéad chonarthaí chun leas a bhaint as ciste an chláir comhairleoireachta um fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta ach i lár na bliana 2023 mar gheall ar mhoilleanna neamhthuartha ar an gcreat soláthair a bhunú.

B.7 Cláir um thaighde ar fhuinneamh

Soláthar meastacháin €30.35 milliún; toradh €18.01 milliún

Is féidir an gannchaitheamh €12.34 milliún a chur síos go príomha (i) do thaighde agus forbairt atá coimisiúnaithe i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a bheith níos moille le fáil trí sholáthar ná mar a bhíodhas ag súil leis, agus (ii) do na moilleanna suntasacha a bhí ar thionscadal Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh (AMETS) sa phróiseas ainmniúchán spásúlachta (Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe). I meastacháin na bliana 2023, bhíodhas ag súil leis go dtosófaí na hoibreacha deartha amach ón gcósta sa bhliain 2023. Níor réadaíodh an caitheamh suntasach sin, áfach, agus tá sé ar feitheamh faoi láthair.

B.11 Creidmheas leictreachais

Soláthar meastacháin €nialas; toradh €926.14 milliún

Mar gheall ar an ardú i bpraghsanna fuinnimh idirnáisiúnta agus ar an éifeacht iarmhartach do chustaiméirí baile, cheadaigh an Rialtas dhá Scéim Sochar Éigeandála Costais Leictreachais sa bhliain 2022.

Mar fhreagairt do na hardphraghsanna leantacha sa bhliain 2023, thug an Rialtas an tríú scéim isteach ina gcuirfí trí íocaíocht ab fhiú €137.61 an ceann (gan CBL a áireamh) do shochar do bhreis agus 2.2 milliún cuntas leictreachais baile idir mí na Nollag 2023 agus mí Aibreáin 2024.

Ós rud é gur bheart éigeandála é sin, níor cuireadh costas na scéime sin ar áireamh sa mheastachán bunaidh le haghaidh na Roinne agus soláthraíodh é trí mheastachán forlíontach.

B.14 Téamh ceantair a rialáil

Soláthar meastacháin €689,000; toradh €234,000

Baineann an gannchaitheamh €455,000 go príomha le moill ar acmhainní foirne breise a earcú chuig an téamh ceantair agus le táillí gairmiúla nár tabhaíodh roimh dheireadh na bliana.

B.15 An Scéim Ráthaíochta Iasachta Iarfheistithe Chónaithe

Soláthar meastacháin €4.78 milliún; toradh €1.59 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €3.19 milliún chun cinn mar gheall ar chomhaontú dlíthiúil ba ghá chun cabhrú le roinnt costas a íoc gan a bheith tugtha chun críche san amlíne a rabhthas ag súil léi ar dtús, rud a rinne difear d'uainiú na sonrasc.

Clár C Forbairt an Gheilleagair Chiorclaigh

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	11,970	11,108	8,117
C.2	Riarachán – neamhphá	4,116	3,423	2,385
C.3	Seirbhísí mianadóireachta agus peitriliam	3,264	761	950
C.4	Caillteanais suirbhéireachta geolaíochta			
	<i>Bunaidh</i>	14,800		
	<i>Forlíontach</i>	(2,500)		
		12,300	12,064	11,406
C.5	Iascaigh Intíre	36,838	36,973	34,186
C.6	Cláir bainistíochta dramhaíola			
	<i>Bunaidh</i>	42,890		
	<i>Forlíontach</i>	(10,800)		
		32,090	22,848	33,477
C.7	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta	135	134	121
C.8	Inbhuanaitheacht comhshaoil	500	—	—
		101,213	87,311	90,642

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais chlár nár chaiteachais riaracháin iad (+/- 5% agus €100,000).

C.3 Seirbhísí mianadóireachta agus peitriliam

Soláthar meastacháin €3.264 milliún; toradh €761,000

Baineann an gannchaitheamh €2.503 milliún go príomha le rátaí laghdaithe d'eastóscadh mianraí príobháideacha ag cuideachtaí mianraí faoi shaoráidí mianadóireachta stáit, rud ba chúis le híocaíochtaí cúitimh a rinneadh le húinéirí ceart mianraí i ndáil le mianraí príobháideacha a bhí níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis.

Tabhaíodh gannchaitheamh breise mar gheall ar mhoilleanna ar chomhairleoireachtaí mianadóireachta a sholáthar agus mar gheall ar agaí tionscanta a bhí níos faide ná mar a bhíodhas ag súil leis, rud a d'fhág go raibh tionscadail le críochnú sa bhliain 2024 in ionad na bliana 2023, agus íocaíochtaí ag teacht chun cinn ar iad a chríochnú.

C.4 Caillteanais suirbhéireachta geolaíochta

Soláthar meastacháin €14.8 milliún; toradh €12.064 milliún

Baineann an gannchaitheamh €2.736 milliún leo seo a leanas go príomha: (i) moilleanna ar chonarthaí nua a fháil trí sholáthar le haghaidh seirbhísí do thionscadail tionscnamh geo-eolaíochta; agus (ii) tionscadal (Geoiteirmeach) Interreg gan a bheith ag tosú sa bhliain 2023 mar gheall ar mhoilleanna ar an nglao a sheoladh.

C.6 Cláir bainistíochta dramhaíola

Soláthar meastacháin €42.89 milliún; toradh €22.848 milliún

Bhain an gannchaitheamh €20.042 milliún leo seo a leanas go príomha: (i) maoiniú a leithdháileadh ar roinnt láithreán le haghaidh feabhsúcháin líontaí talún gan a bheith íostarraingthe toisc nach ndearnadh dul chun cinn ar na hoibreacha ar an luas réamh-mheasta; agus (ii) an dul chun cinn ar fhorbairt an Chórais Náisiúnta Faisnéise um Bainistíocht Comhshaoil (NEMIS) agus ar fhorbairt na bPríomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLAnna) a bheith níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis, mar gheall ar fhadhbanna earcaíochta go páirteach.

C.8 Inbhuanaitheacht comhshaoil

Soláthar meastacháin €500,000; toradh €nialas

Ní raibh maoiniú ag teastáil sa bhliain 2023 mar gheall ar mhoilleanna ar shainbhaill foirne a earcú le haghaidh an Tionscadail um Dheireadh a Chur le Bacainní.

Clár D Nascacht agus Soláthar Cumarsáide

		2023		2022
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá		12,117	11,245
D.2	Riarachán – neamhphá		3,969	3,537
D.3	An Plean Náisiúnta Leathanbhanda			
	<i>Bunaidh</i>	212,200		
	<i>Forlíontach</i>	67,400	279,600	290,100
D.4	Bonneagar cumarsáide eile			177,282
	<i>Bunaidh</i>	9,870		
	<i>Forlíontach</i>	(2,700)	7,170	3,527
D.5	Cláir gheilleagair dhigitigh eile		7,734	8,107
D.6	An Lárionad Náisiúnta Cibeirshlándála			6,650
	<i>Bunaidh</i>	10,950		
	<i>Forlíontach</i>	(3,500)	7,450	8,284
D.7	Seirbhís foláireamh éigeandála			3,424
	<i>Bunaidh</i>	3,000		
	<i>Forlíontach</i>	(2,900)	100	42
D.8	Cúlchiste Coigeartaithe Brexit – An Post		23,896	23,096
D.9	An Líonra Postoifigí		10,000	9,702
		352,036	357,640	203,213

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad (+/- 5% agus €100,000).

D.3 An Plean Náisiúnta Leathanbhanda

Soláthar meastacháin €212.2 milliún; toradh €290.1 milliún

Maidir leis an toradh, bhí sé €77.9 milliún níos mó ná an soláthar bunaidh. Le meastachán forlíontach €67.4 milliún, méadaíodh an soláthar buiséid don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda go €279.6 milliún. Ceadaíodh vírmint bhreise €10.5 milliún i mí na Nollag 2023 chun an méadú atá fágtha sa chaiteachas a éascú.

Lean Leathanbhanda Náisiúnta Éireann de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh ar imscaradh agus naisc ghréasán an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda sa bhliain 2023 agus, faoi thús mhí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhosaigh sé níos mó áitreabh ná an sprioc charnach a comhaontaíodh le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann, arbh éard é 185,000 áitreabh.

Tá tionchar ag uainiú na n-éileamh ó Leathanbhanda Náisiúnta Éireann ar leibhéal na n-íocaíochtaí a bhaineann leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda. Tá íocaíochtaí bainteach go díreach le garspriocanna an chláir maidir le himscaradh agus naisc a bhaint amach. Léirítear sa toradh iarbhrí don bhliain 2023 an dul chun cinn suntasach a rinneadh.

D.4 Bonneagar cumarsáide eile

Soláthar meastacháin €9.87 milliún; toradh €3.527 milliún

Baineann an gannchaitheamh €6.343 milliún go príomha le moilleanna ar an trealamh a theastaíonn le haghaidh thionscadal IrelandQCI a fháil trí sholáthar. Tháinig na moilleanna ar an trealamh a fháil trí sholáthar chun cinn mar gheall ar thosca éagsúla. Áiríodh leo sin an t-éileamh domhanda ar theicneolaíocht chandamach (tá na 27 mballstát uile ag déileáil le líon teoranta díoltóirí tráchtála), comhpháirteanna a bheith in easnamh (déanann ganntanais ó phaindéim Covid-19 i leith difear do na slabhraí soláthair uile le haghaidh teicneolaíocht chandamach), gan ach dornán soláthraithe a bheith ann laistigh agus lasmuigh de 27 mballstát an Aontais Eorpaigh, agus próisis fhada soláthair inmheánaigh agus Rialtais a bheith ann mar gheall ar a úire agus a chasta atá an teicneolaíocht chandamach.

Bhí gannchaitheamh ann i dtionscadal Eircode freisin toisc gur iarchuireadh caiteachas a sceidealaíodh ar dtús don bhliain 2023 chuig an mbliain 2024 toisc gur fadaíodh conradh an tSealbhóra Ceadúnais Bainistíochta Postchód ó mhí na Nollag 2023 go dtí mí na Nollag 2026. Sa deireadh, tosaíodh an Tionscadal Comhairleoireachta Cáblaí Fomhuirí ag tráth níos déanaí sa bhliain 2023 ná mar a beartaíodh. Críochnófar an chuid eile den obair sa bhliain 2024.

D.6 An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála

Soláthar meastacháin €10.95 milliún; toradh €8.284 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €2.666 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar an moill ar an tsaoráid nua i dTor an Bhacaigh a áitiú. Mar thoradh air sin, cuireadh moill ar leathnú acmhainn agus thionscadail bhonneagair an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2019-24 agus le Straitéis Inmheánach Teicneolaíochta an Lárionaid.

D.7 Córas foláireamh éigeandála

Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €42,000

Bhí an fo-mhírcheann seo nua sa bhliain 2023 agus leithdháileadh an tsuim €3 mhilliún chun soláthar na comhpháirte comhéadain Rialtais de chuid an Chórais Rabhaidh Phoiblí a chlúdach.

Mar gheall ar a chasta a bhí an réiteach teicneolaíochta a bhí ag teastáil, áfach, mheas Grúpa Oibre Soláthair an Chórais Rabhaidh Phoiblí gur ghá seirbhísí comhairleacha a bhaineann le cur chun feidhme, tástáil, bainistiú agus cothabháil an Chórais Rabhaidh Phoiblí a fháil trí sholáthar chun laghdú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le dul ar aghaidh go díreach chuig an soláthar nuair is ann do mhéid teoranta acmhainne inmheánaí agus cumais inmheánaigh. Dá bhrí sin, níor caitheadh an chuid is mó de bhuiséad na bliana 2023 chun an réiteach teicniúil a fháil trí sholáthar.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

		2023		2022
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Fáltais ó fhíneálacha de bharr coireanna iascaigh intíre	50	41	24
2	Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriilaim agus Mianraí Eile 1960	5,000	11,287	1,423
3	An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriilaim	402	17	49
4	Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	300	290	347
5	Cíos ar réadmhaoine in Ard-Oifig an Phoist	223	292	364
6	Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2)	1,000	1,132	1,288
7	Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí	340	461	223
8	Fáltais ó ranníocaíocht aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	3,300	4,242	3,680
	Iomlán	10,615	17,762	7,398

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i leithreasáí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

2 Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriilaim agus Mianraí Eile 1960

Soláthar meastachán €5 mhilliún; réadaithe €11.287 milliún

Baineann an farasbarr €6.287 milliún le moill ar shonraisc i leith dleachtanna mianadóireachta do na blianta 2021 agus 2022 a eisiúint. Ardaíodh na sonraisc sin sa bhliain 2023.

3 An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriilaim

Meastachán €402,000; réadaithe €17,000

Bhí an laghdú €385,000 in ioncam an Ghrúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriilaim ar aon dul leis an líon laghdaithe ceadúnas peitriilaim. Tionscnaíodh scor ordúil an Chláir Bonneagair Peitriilaim, agus níltear ag lorg ranníocaíochtaí leis an gClár le haghaidh tréimhsí dar tosach an 1 Iúil 2021.

7 Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí

Meastachán €340,000; réadaithe €461,000

Baineann an farasbarr €121,000 le ranníocaíochtaí ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann don bhliain 2022 gan a bheith faighte go dtí mí Eanáir 2023.

8 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán €3.3 milliún; réadaithe €4.242 milliún

Baineann an farasbarr €942,000 go príomha le méadú sa líon ball foirne sa Roinn, sa Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus in Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

4.2 Fáltais ilghnéitheacha

	2023	2022
	€000	€000
Dleachtanna i dtaca le líonraí achar cathrach	1,002	979
Dearbhú na Coraibe	25	—
Costais a aisghabhadh ó chomhlachtaí eile	46	130
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta	13	—
Aisghabháil ró-íocaíochtaí tuarastail agus speansas ó bhlianta roimhe	45	—
Táille i leith iarratas ar thoiliú limistéir mhuirí	—	175
Eile	1	4
Iomlán	1,132	1,288

4.3 Fáltais bhreise is iníochta leis an Státchiste

	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	165
Fáltais ón scéim i ndáil le trádáil astaíochtaí ^a	156,707	215,669
Ducht teileachumarsáide na Gaillimhe-Mhaigh Eo	306	200
Sciar den bharrachas ar chuideachta an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a dhíol	—	42,775
Íostarraingt bhannaí feidhmíochta RESS	2,146	1,006
Dúnadh Chiste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda	—	415
Aisíocaíocht Tháillí Pobal don bhliain 2022	—	109
Aisíocaíocht mhaoiniú neamhúsáidte na Scéime um Shochar Éigeandála Costas Leictreachais ^b	22,611	—
Tobhaigh bhliantúla le haghaidh toilithe limistéir mhuirí ^c	7,249	—
Géilleadh deonach tuarastal Aire	21	21
Aistrithe chuig an Státchiste	(168,313)	(260,360)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	20,727	—

Nóta ^a Is ionann €156.707 milliún agus ollsciar na hÉireann d'fháltais a d'eascair as liúntais a chur ar ceant i Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2023. Íocadh €1.547 milliún ar aghaidh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i mí Eanáir 2023 le haghaidh chaiteachais riaracháin na bliana 2022 agus íocadh €1.794 milliún ar aghaidh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i mí Feabhra 2024 le haghaidh chaiteachais riaracháin na bliana 2023.

- ^b Tugadh maoiniú do Líonraí BSL sa bhliain 2022 chun an Scéim um Shochar Éigeandála Costas Leictreachais a chlúdach do gach custaiméir baile. B'ionann maoiniú neamhúsáidte Líonraí BSL a tugadh ar ais agus €22.611 milliún sa bhliain 2023.
- ^c Fáltais i leith tobhaigh bhliantúla le haghaidh toilithe limistéir mhuirí i ndáil le seacht dtionscadal fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2023	2022
Líon foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	646	534
Gníomhaireachtaí ^a	1,066	961
	1,712	1,495

Nóta ^a Is iad na gníomhaireachtaí a áirítear anseo ná an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Iascach Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Baineann na sonraí pá gníomhaireachta atá ar áireamh i nótaí 5.2 agus 5.3 thíos leis na gníomhaireachtaí céanna sin.

5.2 Pá

Luach saothair na foirne uile (Roinn agus gníomhaireachtaí) ^a	2023	2022
	€000	€000
Pá	102,943	89,245
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	543	364
Liúntais eile	1,576	1,583
Ragobair	40	50
ÁSPC an Fhostóra	10,300	8,798
Scaoilfocaíochtaí	228	—
Pá iomlán	115,630	100,040

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2023	2022
	€000	€000
Pá	39,337	31,125
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	328	109
Ragobair	23	25
ÁSPC an Fhostóra	3,699	2,793
Scaoilíocaíochtaí	228	—
Pá iomlán	43,615	34,052

Luach Saothair foirne Gníomhaireachta

	2023	2022
	€000	€000
Pá	63,606	58,120
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	215	255
Liúntais eile	1,576	1,583
Ragobair	17	25
ÁSPC an Fhostóra	6,601	6,005
Pá iomlán	72,015	65,988

Nóta ^a Tagraíonn na socrúithe luach saothair do ghné an phá d'fho-mhírchinn A.1, A.3, B.1, B.3, C.1, C.5, D.1 agus D.5. Áirítear leis na figiúirí seo airgead neamhvótáilte lena chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (ciorclán 22 de 2023).

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2023	2022
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	48	14	34,172	12,300
Liúntais eile	—	—	—	65
Ragobair	10	—	8,345	8,549
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	6	3	16,545	11,628
Foireann na ngníomhaireachtaí				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	73	5	20,586	18,873
Liúntais eile	322	1	10,131	8,763
Ragobair	14	—	3,807	3,553
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	56	5	16,879	22,394

5.4 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2023	2022
20,000	59,999	329	278
60,000	69,999	74	53
70,000	79,999	70	60
80,000	89,999	62	40
90,000	99,999	37	33
100,000	109,999	18	19
110,000	119,999	14	8
120,000	129,999	6	3
130,000	139,999	2	2
140,000	149,999	1	—
150,000	159,999	3	2
160,000	169,999	2	4
170,000	179,999	3	1
180,000	189,999	1	1
190,000	199,999	1	1
200,000	209,999	—	—
210,000	219,999	—	1

5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh státseirbhíseach scortha a earcaíodh trí chomórtas oscailte sa bhliain 2019 agus ar tugadh ardú céime dó ina dhiaidh sin trí chomórtas oscailte sa bhliain 2022 tuarastal €79,006 a fháil le linn na bliana 2023. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, agus deonaíodh tarscaoileadh laghdúcháin na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe go dtí mí Iúil 2024 i ndáil leis an oifigeach sin.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €542,501 i dtaca le seisear oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2023 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Maidir le tuarastail 21 oifigeach eile ón Roinn a bhí ag fónamh ar feadh na bliana 2023 ar fad nó ar feadh cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais, níor thabhaigh an Vóta iad le haghaidh na dtréimhsí iomchuí.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2023 €	2022 €
Ró-íocaíochtaí	46	159,702	105,619
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	15	69,414	71,966

5.7 Scaoilíocaíochtaí

Sa bhliain 2023, chuaigh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne seo ar scor agus fuair sé scaoilíocaíocht ab ionann agus €228,000. Bhí an íocaíocht sin comhsheasmhach le téarmaí Chinneadh SO7567E ón Rialtas sa bhliain 2011.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas.

	2023 €000	2022 €000
Bunphá Oonagh Buckley	74	—
Scaoilíocaíocht le Mark Griffin	228	—
Bunphá Mark Griffin	157	213
	<u>459</u>	<u>213</u>

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhiigiúr thuas.

Tá Mark Griffin ina chomhalta den scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a theidlíochtaí chun sochair scoir thar théarmaí na scéime pinsean sin.

Tá Oonagh Buckley ina comhalta den scéim aoisliúntais tar éis 1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí chun sochair scoir thar théarmaí na scéime pinsean sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh atá léirithe i bhfo-mhírchinn A.7, A.8, B.4, B.7 agus C.4 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn an tAontas Eorpach iad trí thionscadail éagsúla atá leagtha amach thíos.

Fo-mhírchinn	Ciste Aontais Eorpaigh	Toradh 2023 €000	Toradh 2022 €000	Maoiniú a fuarthas 2023 €000	Maoiniú a fuarthas 2022 €000
A.7 Tionscnaimh aeráide	Tionscadail Life	—	290	—	—
A.8 An Ciste um Aistriú Cóir (Éire agus an tAontas Eorpach)	Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir	1,153	—	—	—
B.4 Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail	CFRE	34,216	—	—	—
B.7 Cláir um thaighde ar fhuinneamh	ERA-Net	77	—	—	—
C.4 Suirbhéireacht gheolaíochta	Clár Fís an Aontais Eorpaigh	119	353	109	99
C.4 Suirbhéireacht gheolaíochta	Interreg	135	38	75	103

6.2 Calaois agus calaois amhrasta

Tá an Roinn ar an eolas faoi líomhain calaoise amhrasta a bhféadfadh gur tharla sí i soláthraí seirbhíse a bhí ag fáil maoiniú deontais sa bhliain 2021. Tá an cás sin á imscrúdú fós ag na húdaráis chuí, agus tá an Roinn ag fanacht leis an toradh a fháil.

6.3 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh a rinne		Iomlán 2023	Iomlán 2022
	Fostaithe	Daoine den phobal		
Líon na gcásanna	1	4	5	2
	€000	€000	€000	€000
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/ a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	—	36	36	15
Costais dlí	10	557	567	49
Iomlán 2023 ^b	10	593	603	64
Iomlán 2022	—	64		64

Nótaí ^a Ag an 31 Nollaig 2023, bhí 22 chás dlíthíochta ginearálta gan réiteach fós

^b Socraíodh na cásanna uile sa bhliain 2023. Is ionann na figiúirí atá léirithe agus na costais iomlána ar thabhaigh an Roinn iad i ndáil leis na cásanna sin.

6.4 Íocaíochtaí úis dhéanaigh

	2023	2022
	€	€
Íocaíochtaí úis	47,116	36,600

6.5 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha comhdhéanta de choigilteas €1.8 milliún i gcaiteachas caipitil sa bhliain 2023 i bhfo-mhírcheann A.9 An Ciste um Oileán Comhroinnte a tugadh anonn chuig an mbliain 2024.

Nóta 7 Cuntais ilghnéitheacha

7.1 Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	6,065	5,989
Fáltais	168	499
Íocaíochtaí	(196)	(423)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	6,037	6,065

Bhunaigh an Roinn an Clár Bonneagair Peitriliam sa bhliain 1997 chun tacú le gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus forbartha hidreacarbón a chur chun cinn. Maoiníodh é le ranníocaíochtaí ó chuideachtaí a bhfuil údaruithe peitriliam acu le haghaidh limistéir amach ó chósta na hÉireann.

Ag teacht sna sála ar an ráiteas ón Rialtas i mí Mheán Fómhair 2019, rinneadh an cinneadh deireadh a chur leis an gClár Bonneagair Peitriliam de réir a chéile. Dá bhrí sin, níltear ag eisiúint aon iarrataí ranníocaíochta bliantúla nua le haghaidh an chláir sin amhail an 1 Iúil 2021.

Déantar fáltais amuigh maidir leis an gciste CBP ó íocaíochtaí a sonrascadh roimh an dáta sin a thaifeadadh mar leithreasáí-i-gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán fho-mhírcheann C.3.

Déanann an Oifig Rialaithe Geo-Eolaíochta sa Roinn riar ar an gciste faoi láthair.

7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

	2023 Meastachán próifíle ^a €000	2023 Iomlán €000	2022 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		124,263	165,138
Fáltais ó IEEI		322	11,923
Aistriú chuig an gCiste um Ghníomhú ar Son na hAeráide		—	(1,212)
An feachtas 'Úsáid Níos Lú'	(5,000)	(5,225)	(2,372)
Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail	(50,786)	(10,825)	(49,214)
Scéim iasachta an chéad chailteanais	(60,000)	(52,600)	—
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		55,935	124,263

Nóta ^a Is ionann an meastachán próifíle agus an buiséad de chuid na Roinne a cuireadh i leataobh le haghaidh na gclár agus na scéimeanna sin sa bhliain 2023.

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas ar an gClár Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (+/- 5% agus €100,000).

Den tsuim €160 milliún a aistríodh ó Vóta 29 sa bhliain 2021, bhí sé beartaithe ag an Roinn €110.786 milliún a chaitheadh sa bhliain 2023. I mí na Nollag 2022, dheonaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe cead chun úsáid a bhaint as maoiniú ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh mar a leanas: (i) €60 milliún ar scéim iasachta an chéad chailteanais; agus (ii) thart ar €51 mhilliún ar Scéimeanna Tacaíochta Iarfheistithe Chónaithe agus Pobail Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, ar choinníoll go dtabharfaí tuilleadh faisnéise maidir le húsáid bheartaithe shonrach na gcistí.

Rinneadh €5 mhilliún a phróifíliú sa bhliain 2023 le haghaidh an fheachtais 'Úsáid Níos Lú'.

Bhí an caiteachas sa bhliain €47.136 milliún níos ísle ná mar a próifíliodh ar dtús.

Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail

Meastachán próifíle €50.786 milliún; toradh €10.825 milliún

Sa bhliain 2023, bhí an caiteachas faoin gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh comhdhéanta de €10.825 milliún i dtacaíocht deontais le haghaidh iarfheistithe d'úinéirí tí faoi Scéimeanna Uasghráduithe Éifeachtúlachta Fuinnimh Cónaithe agus Pobail Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Den chaiteachas sin, caitheadh 94% (€10.19 milliún) faoin Scéim um Thithe Níos Teo, lena soláthraítear uasghráduithe fuinnimh saor in aisce d'úinéirí tí ísealioncaim atá i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh

Is é is an Scéim Iasachta Uasghrádaithe Fuinnimh Tí ann ná clár ríthábhachtach chun tacú le húinéirí tí a dteach a uasghrádú agus rochtain a fháil ar dheontais Stáit. Ag teacht sna sála ar idirchaidreamh maidir leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cistí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh agus ar an Scéim Iasachta Uasghrádaithe Fuinnimh Tí a bheith ceadaithe ag an Rialtas, fuarthas cead i mí na Nollag 2023 chun úsáid a bhaint as €110.8 milliún san iomlán ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh chun íoc as na costais a thiocthadh as an scéim iasachta agus maoiniú le haghaidh iarfheistiú cónaithe agus pobail a chur chun feidhme. Áirítear leis sin na cistí neamhchaite a leithdháileadh ar dtús ar Scéimeanna uasghrádaithe eile.

Scéim iasachta an chéad chailteanais

Meastachán próifíle €60 milliún; toradh €52.6 milliún

Bhí caiteachas ab ionann agus €52.6 milliún tabhaithe faoi scéim iasachta an chéad chailteanais ag deireadh mhí na Nollag. Thoiligh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe le suas le €47.2 milliún den tsuim sin a thabhairt anonn chun clúdach a dhéanamh ar aon airgead fágtha i leith aon íocaíochtaí nach rabhthas in ann a dhéanamh sa bhliain 2023.

A luaithe a bheidh a téarma 13 bliana críochnaithe go hiomlán ag an scéim iasachta sa bhliain 2037, tá seans ann go mbeidh cistí ann fós i leithdháileadh scéim iasachta an chéad chailteanais atá á hoibriú ag an gCiste Eorpach Infheistíochta agus ag Corparáid BaincÉireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) agus san fhóirdheontas ráta úis atá á bhainistiú ag CBSÉ. Sa chás sin, tabharfar na cistí ar ais don Roinn ar dhúnadh na scéime iasachta.

Scéimeanna a cómhaoiníodh idir an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Vóta 29

Thabhaigh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh glanchaiteachas €10.825 milliún i ndáil leis na cláir iarfheistithe chónaithe/pobail sa bhliain 2023.

Tabhaíodh €204.376 milliún sa bhreis i ndáil leis na cláir chéanna sa bhliain 2023 faoi fho-mhírcheann B.4 den Vóta.

	Vóta	CNÉF	Iomlán
	2023	2023	2023
	€000	€000	€000
Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo	148,188	10,190	158,378
Tithe Fuinnimh Níos Fearr	55,947	400	56,347
Iarfheistiú domhain	241	476	717
Aisíocaíocht ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann don bhliain 2022 a leithdháileadh sa bhliain 2023 ^a	—	(241)	(241)
	204,376	10,825	215,201

^a Rinneadh aisíocaíochtaí ab ionann agus €241,000 a fuarthas ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann sa bhliain 2022 a thaisceadh isteach i gcuntas bainc de chuid an Vóta. Bhain na haisíocaíochtaí sin le híocaíochtaí a rinneadh ar dtús tríd an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh agus aistríodh ar ais chuig an gciste iad sa bhliain 2023.

An feachtas ‘Úsáid Níos Lú’

Cómhainíodh an feachtas ‘Úsáid Níos Lú’ idir an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh agus an Vóta. Caitheadh €5.225 milliún ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2023 agus cuireadh €7,000 ar oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha sa Vóta. Ba é €5 mhilliún an buiséad don fheachtas sin. Tháinig an caiteachas breise €225,000 ar an bhfeachtas chun cinn toisc gur íocadh sonraisc na bliana 2022 sna míonna tosaigh den bhliain 2023.

Cúlra agus gníomhaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (CNÉF)

Aistríodh isteach sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh an maoiniú a d’eascair as cuntas an Tobhaigh Ioncaim Carbóin a dhiúscairt.

Seoladh Ciste Éifeachtúlachta Fuinnimh Éireann i mí an Mhárta 2014 chun maoiniú a sholáthar do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, agus leagadh amach i ndoiciméid an Chiste na critéir infheistíochta a bhí le comhlíonadh. Ba scairshealbhóir mionlaigh sa Chiste é an tAire.

Infheistíodh €14.03 milliún ar an iomlán ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh in Ireland Energy Efficiency Investments plc (IEEI). Bhí maoiniú ón earnáil phríobháideach freagrach as pas beag níos mó ná leath shuim na hinfeistíochta ag an íostarraingt tosaigh, rud ar tháinig méadú air ón mbliain 2018 i leith. Tá sealúchas 26.1% ag an Aire anois. Tá ionadaíocht ag an Aire, mar aon leis na hinfeisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann na scairshealbhóirí uile tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatarabhacha ar fheidhmíocht IEEI. Fuair an tAire, mar scairshealbhóir, dáiltí ó IEEI sna blianta 2021, 2022 agus 2023 dar luach iomlán €17.383 milliún. Amhail an 30 Meán Fómhair 2023, b’ionann luach infheistíochta an Stáit in IEEI agus €149,688. Tá deireadh á chur leis an gciste de réir a chéile faoi láthair agus tá sé beartaithe go mbeidh sé dúnta go hiomlán sa bhliain 2024.

Aguisín A Sceideal tailte agus foirgneamh

Is leis an Aire na réadmhaoine seo a leanas.

- 1 Foirgneamh Ard-Oifig an Phoist
- 2 Stua Siopadóireachta Ard-Oifig an Phoist
- 3 1-6 Foirgnimh Oifig an Phoist
- 4 24-30 Sráid Anraí

Bainistítear na réadmhaoine sin faoi léasanna nó ceadúnais arna ndeonú ag an Stát.

Is leis an Aire lascach na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe agus lascach Abhainn Fhia/Abhainn tSocair i gCo. Dhún na nGall. Is é lascach Intíre Éireann a bhainistíonn an dá lascach sin.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire sna líonraí cathrach freisin. Maoiníodh tógáil na líonraí sin i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla áirithe agus le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Is leis an Aire talamh chun feabhsú láithreáin mianadóireachta leagáide Abhóca agus Bhéal Átha Gabhann a éascú.